

Gnólachtaí, an Rialtas agus an Geilleagar |

Nótaí H1

Geilleagar Saormhargaidh

Is geilleagar saormhargaidh í Éire. Seo an áit a mbunaítear gnólachtaí ar mhaithe le brabús a dhéanamh. Mura ndéanann siad brabús, dúntar iad.

Idirghabháil Rialtais sa Gheilleagar

Dlíthe

Déanann an rialtas idirghabháil i ngnólachtaí trí dhlíthe a rith atá le leanúint go náisiúnta. Ritheann an rialtas áitiúil fodhlíthe atá le leanúint go háitiúil.

Cur i bhFeidhm

Cuireann gníomhaireachtaí stáit dlíthe i bhfeidhm.

Seirbhísí

Soláthraíonn an Rialtas seirbhísí riachtanacha don tír lena n-áirítear seirbhísí oideachais, an Garda Síochána, ionaid bhainistíochta dramhaíola agus iompar.

Bonneagar

Tógann an Rialtas bóithre náisiúnta.

Athdháileadh

Déanann an Rialtas airgead a bhailítear ó cháin a athdháileadh ar an tír.

Éifeacht an Rialtais ar Ghnólachtaí

- Socraíonn siad an buiséad.
- Is é an Rialtas an fostóir is mó sa tír.
- Soláthraíonn siad bonneagar maith do ghnólachtaí.
- Socraíonn siad cánacha atá le híoc ag gnólachtaí.
- Socraíonn siad Comhaontuithe Náisiúnta lena gcomhpháirtithe sóisialta chun cinnteacht i bpá agus in íocaíochtaí leas sóisialta a chinntiú.
- Comhpháirtíochtaí Príobháideacha-Poiblí

Athróga Geilleagracha

Dífhostaíocht

Bíonn ardú dífhostaíochta ina chúis le laghdú caiteachais. Tagann laghdú ar bhrabúis ghnólachtaí dá bharr seo. Bíonn níos lú ioncam cánach ann agus bíonn tuilleadh íocaíochtaí leas sóisialta le híoc. Ardaítear na rátaí cánach chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis na híocaíochtaí breise seo.

Rátaí úis

Tá rátaí úis á rialú ag an mBanc Ceannais Eorpach. Bíonn ardú ar rátaí úis ina chúis le hardú ar chostais ghnó agus bíonn sé ina chúis le laghdú ar éileamh earraí chomh maith.

Ráta Malairte

Nuair a mhéadaíonn luach an euro, bíonn sé níos costasaí earraí a easpórtáil go dtí tíortha nach tíortha den AE iad. Laghdaítear Comhardú na nÍocaíochtaí agus tagann níos lú turasóirí chun na tíre. Éiríonn earraí iompórtála ó thíortha neamh-AE níos saoire.

Boilsciú

Déantar é seo a thomhas leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Tagann laghdú ar dhíolacháin, lorgaíonn fostaithe ardú pá agus bíonn laghdú brabúis ann nuair a bhíonn an ráta boilscithe ard.

Cáin

Cuireann méadú cánach le costais bhreise do ghnólachtaí, ardú ar an ráta boilscithe agus ní bhíonn an spreagadh céanna ann chun dul ag obair.

Tionchar na nGnólachtaí ar an nGeilleagar

- Níos lú íocaíochtaí leas sóisialta le hÍoc
- Ioncam cánach méadaithe
- Caighdeán maireachtála níos airde.
- Níos mó truaillithe.
- Moilleanna tráchta.

Cuideachta Phoiblí Teoranta (CPT)

Saintréithe

- Seachtar duine ar a laghad.
- Bíonn airteagail chomhlachais agus meabhrán comhlachais ag CPT.
- Ní mór ráitis airgeadais a chur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

Buntáistí

- Dliteanas teoranta.
- Is féidir le Cuideachtaí Poiblí Teoranta scaireanna a dhíol ar an stocmhargadh.
- Leanann CPT ar aghaidh nuair a fhaigheann an bunaitheoir bás nó má éiríonn sé as.

Míbhuntáistí

- Bíonn neart costas le hóc.
- A lán ceanglas dlíthiúil.
- Go leor scairshealbhóirí = smacht maolaithe.
- Déantar iarracht táthcheangal a dhéanamh ar CPTanna.

Comhpháirtíocht

Saintréithe

- Beirt daoine nó níos mó.
- Gan níos mó ná 20 duine.
- Bíonn comhpháirtíochtaí coitianta idir dlíodóirí agus dochtúirí.

Buntáistí

- Cinnteoireacht roinnte.
- Freagracht roinnte.
- Ní gá sonraí airgeadais a fhoilsiú.
- Éasca le bunú.

Míbhuntáistí

- Dliteanas neamhtheoranta.
- Brabúis roinnte.
- Gan leanúnachas má fhaigheann páirtí amháin bás.
- Is féidir easaontas a bheith ann idir na páirtithe éagsúla.

Saincheadú

Saintréithe

Cuideachta a dhíolann a múnla ghnó le cuideachta eile. Faigheann an chuideachta ríchíosanna ar ais.

Buntáistí

- Tá cáil ar an mbranda cheana féin.
- Cabhair ar fáil ón saincheadúnóir.
- Is féidir neart earraí a cheannach ar phraghas níos ísle.

Míbhuntáistí

- Costasach.
- Níl aon spás ann don nuálaíocht ná don chruthaitheacht.

- Ní féidir le saincheadúnaí an gnólacht a dhíol gan cead a fháil ón saincheadúnóir roimh ré.

Comharchumann

Saintréithe

- Bíonn vóta amháin ag gach ball.
- Tá formhór na gcomharchumann sa tionsclaíocht.
- Ní mór clárú le Cláraitheoir na gCara-Chumann.

Buntáistí

- Dliteanas teoranta.
- Bíonn an luach céanna le tuairim gach duine.
- Bíonn gach duine tiomanta.
- Scór creidmheasa maith.

Míbhuntáistí

- Maoiniú teoranta.
- Is gá táille bhliantúil a íoc le Cláraitheoir na gCara-Chumann.
- Costasach le bunú.

Fiontar Stáit

Saintréithe

- Bunaíonn agus rialaíonn an Rialtas na fiontair seo.

- Soláthraíonn an Rialtas an t-airgead.

Buntáistí

- Soláthraíonn siad fostaíocht.
- Soláthraíonn siad seirbhísí riachtanacha.
- Bíonn iasachtaí faoi ráthaíocht.

Míbhuntáistí

- Neart airgid infheistithe ón Rialtas.
- Easpa saineolais.
- Ní bhíonn déanamh brabúis i gceist.

Comhghuaillíocht Straitéiseach

Saintréithe

Dhá ghnólacht nó níos mó ag teacht le chéile chun comhspríoc a bhaint amach. Is eintitis dhlíthiúla ar leith iad, ach déanann siad a gcuid acmhainní agus a gcuid saineolais a roinnt.

Buntáistí

- Éasca le bunú.
- Costais roinnte.
- Saineolas roinnte.
- Soláthraíonn siad rochtain ar mhargaí nua.

Míbhuntáistí

- Is é is dóichí go mbeidh easaontas ann.
- Smacht scoilte.